

Éiceolaíocht | Nótaí Ábhar

- Is brainse den bhitheolaíocht í an **éiceolaíocht**, a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar idirghníomhaíochtaí orgánaigh bheo lena chéile agus lena dtimpeallacht.
- Is pobal d'orgánaigh é **éiceachóras**, ina mbíonn na horgánaigh ag idirghníomhú lena dtimpeallacht.
- Is réigiún den domhan é **bithsféar**, inar féidir le nithe beo maireachtáil (atmaisféar, hidrisféar, litisféar)
- Is áit í **gnáthóg** ina gcónaíonn orgánach.
- **Toisc aibitheach** — aon rud atá neamhbheo agus a bhfuil éifeacht aige ar orgánaigh bheo in éiceachóras. Is iad an dá phríomhchineál:
 1. **Tosca aeráide** — is dálaí aimsire iad a mbíonn éifeacht acu ar orgánaigh bheo in éiceachóras.
 2. **Tosca ithreach** — aon ní a bhaineann le hithir nó le geolaíocht talún a bhfuil éifeacht aige ar orgánaigh bheo in éiceachóras.
- **Toisc bhitheach** — aon rud atá beo agus a bhfuil éifeacht aige ar orgánaigh bheo in éiceachóras. (m.sh. creachadóir a bheith i láthair, orgánaigh phataigineacha a bheith i láthair)
- **Pataigineach**: in ann galar a tháirgeadh.
- Is caidreamh é an **biashlabhra innilte** den ord caidreamh idir creachadóirí agus creacha in éiceachóras.
- **Bia-eangach** — dhá bhiashlabhra (nó níos mó) ceangailte lena chéile.
- Léiríonn **pirimid éiceolaíochta na n-uimhreacha** líon na n-orgánach ag gach leibhéal trófach i mbiashlabhra. (D'fhéadfadh an phirimid seo a bheith **ina seasamh**, **cuid di ina seasamh** nó a bheith **inbhéartaithe**.)
- **Nideog** — tagraíonn nideog don ról feidhmiúil atá ag orgánach ina ghnáthóg.
 - **Daonra** — grúpa orgánach atá ina gcónaí i ngnáthóg a bhaineann le speiceas amháin.
 - **Pobal** — grúpa orgánach atá ina gcónaí i ngnáthóg a bhaineann le speicis éagsúla.
 - **Iomaíocht** — an streachailt idir orgánaigh le hacmhainn ghann a fháil.
 1. **Iomaíocht choimhlinte** — an troid dhíreach idir dhá orgánach d'acmhainn atá gann. (m.sh. dhá charria ag troid ar mhaithe le céile (páirtí) a fháil)

2. **Iomaíocht sciob sceab** — an streachailt i measc roinnt orgánach ar mhaithe le hacmhainn atá gann a fháil. Faigheann gach orgánach cuid bheag den acmhainn.

(m.sh. bultúir san iomaíocht le haghaidh cuid den chreach a mharaigh creachadóir mór)

- **Acmhainn** — stoc nó soláthar (m.sh. bia) ar féidir leas a bhaint as.
- **Creachadóireacht** — breith ar orgánach eile, é a mharú agus é a ithe.
- **Siombóis** — caidreamh bitheolaíoch ina gcónaíonn dhá speiceas gar dá chéile agus ina n-idirghníomhaíonn siad go rialta ar bhealach a dhéanann leas do cheann amháin de na horgánaigh nó an dá orgánach fiú.
(**Comharaíocht** — nuair a bhaineann an dá orgánach leas as a chéile, m.sh. Déanann baictéir fosaithe nítrigine, a chónaíonn i noidíní fréimhe de phlandaí léagúmacha (mar shampla piseanna), NO_3 a asamhlú ó N_2 .)
- **Seadánachas** — cónaíonn orgánach amháin, ar a dtugtar an **seadán**, in orgánach eile nó ar orgánach eile, ar a dtugtar an **t-óstach**, agus déantar dochar don óstach. (m.sh. is seadán iad aifidí a mbíonn cónaí iontu ar phlandaí, ar mhuiscítí agus ar bhorrhéist choise)
- **Tosca a mbíonn tionchar acu ar dhaonra an duine daonna: Cogadh, Frithghiniúint, Gorta agus Galar.**
- **Athchúrsáil cothaitheach** próiseas ina ndéantar dúile a mhalartú idir orgánaigh bheo agus an timpeallacht.
- **Timthriall carbóin** an próiseas trína ndéantar eiliminteach C (i bhfoirm bithmhóilíní) a mhalartú idir nithe beo agus an timpeallacht.
- **Timthriall nítrigine** an próiseas trína ndéantar eiliminteach N_2 (i bhfoirm bithmhóilíní) a mhalartú idir orgánaigh bheo agus a dtimpeallacht.
- **Truailliú** aon athrú neamh-inmhianiathe ar ghnáthóg.
- **Eotrófú** is próiseas é seo ina bhfaigheann uisce an iomarca cothaitheach, rud a spreagann fás iomarcach algach.
- **Caomhnú** bainistíocht stuama ar na hacmhainní nádúrtha atá againn.
- **3 phróiseas cóireála séarachais: Príomhúil** = scagadh fisiciúil, **tánaisteach** = miocrorgánaigh, **treasach** = miocrorgánaigh a chur leis má tá na leibhéil PO & NO ró-ard, nó clóirín a chur leis (chun pataiginí a mharú).